2025/1494

19.7.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1494 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/1495 ón gComhairle an 18 Iúil 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ([2]).

(2) Tugtar éifeacht le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) Le Cinneadh 2014/512/CBES, cuirtear toirmeasc ar airm agus ábhar gaolmhar de gach cineál a dhíol leis an Rúis, a sholáthar don Rúis, a aistriú chuig an Rúis nó a onnmhairiú chuig an Rúis, agus cuirtear toirmeasc freisin ar airm agus ábhar gaolmhar de gach cineál a sholáthar ón Rúis.

(4) An 18 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1495, lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES.

(5) Le Cinneadh (CBES) 2025/1495 cuirtear 26 eintiteas le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, is é sin liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a thacaíonn le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise ina cogadh foghach ar an Úcráin, ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Le Cinneadh (CBES) 2025/1495, áirítear ar an liosta sin freisin eintitis áirithe i dtríú tíortha seachas an Rúis a rannchuidíonn go hindíreach le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, rud a fhágann gur féidir teacht timpeall ar shrianta onnmhairiúcháin, lena n-áirítear maidir le aerárthaí gan foireann.

(6) Le Cinneadh (CBES) 2025/1495, leathnaítear liosta na n-ítimí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, trí liostú a dhéanamh ar ítimí a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin agus ar ítimí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh a córas míleata, lena n-áirítear meaisíní ríomhrialaithe uimhriúil breise agus comhábhair cheimiceacha le haghaidh tiomántán.

(7) Chun éifeachtacht na mbeart sriantach a fhorchuirtear mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a neartú, is gá aghaidh a thabhairt ar an riosca go rachfaí timpeall ar na bearta sin trí onnmhairí indíreacha trí thríú tíortha. D'fhéadfadh earraí agus teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó lena hearnáil cosanta agus slándála a fhorbairt, lena n-áirítear nuair is ar mhaithe le húsáid deiridh shibhialtach, mar dhea, a bheartaítear iad a onnmhairiú. Leis an toirmeasc ar onnmhairí indíreacha, cumhdaítear earraí a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a onnmhairiú, lena n-áirítear trí thríú tír. Ba cheart do na húdaráis inniúla gníomhaíocht choisctheach thráthúil a dhéanamh i gcás inarb ann don riosca inchreidte go ndéanfaí na hearraí sin a onnmhairítear chuig tríú tíortha a atreorú chuig an Rúis ar deireadh. Dá bhrí sin, le Cinneadh (CBES) 2025/1495 cuirtear sásra roghnach riaracháin ar fáil do na Ballstáit lena gcuirtear ar chumas na n-údarás inniúil náisiúnta réamhúdarú a éileamh maidir le honnmhairiú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 chuig aon tríú tír, i gcás inar cuireadh in iúl don onnmhaireoir go bhfuil cúis leordhóthanach ann le bheith in amhras gurb í an Rúis ceann scríbe deiridh na n-earraí nó gur eintitis Rúiseacha a bhainfidh úsáid astu sa deireadh. Níl sé i gceist leis an mbeart sin srian ginearálta nua a fhorchur ach uirlis éifeachtach chomhréireach a thabhairt do na Ballstáit lena bhféadfar aon teacht timpeall a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na bearta sriantacha a imscrúdú agus a chosc, agus léirmhíniú comhchuibhithe agus soiléireacht

([1]) IO L, 2025/1495, 18.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1495/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).
([3]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

dhlíthiúil á n-áirithiú d'onnmhaireoirí ag an am céanna. Níor cheart don bheart sin difear a dhéanamh do raon feidhme chlásal an toirmisc ar onnmhairiú indíreach. Is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh an é an beart sin nó an clásal um thoirmeasc ar onnmhairí indíreacha atá le cur i bhfeidhm mar shásra forfheidhmiúcháin i gcásanna ina bhféadfaí gurb í an Rúis ceann scríbe deiridh na n-earraí nó gur eintitis Rúiseacha a bhainfidh úsáid astu sa deireadh.

(8) Le Cinneadh (CBES) 2025/1495, forchuirtear srianta breise ar onnmhairí earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise, amhail innealra, ceimiceáin, miotail áirithe agus plaistigh. Chun an baol go rachfaí timpeall ar bhearta sriantacha a íoslaghdú, leathnaítear a thuilleadh le Cinneadh (CBES) 2025/1495 liosta na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí atá faoi réir an toirmisc ar idirthuras trí chríoch na Rúise.

(9) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2022/884 ([4]) ón gComhairle agus le Rialachán (AE) 2022/879 ([5]) ón gComhairle go bhfuil na Ballstáit le gach beart is gá a dhéanamh chun soláthairtí a fháil, soláthairtí atá malartach d'allmhairiú amhola trí phíblíne ón Rúis, ionas go mbeidh na hallmhairí sin faoi réir na dtoirmeasc a luaithe is féidir. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, ba cheart deireadh a chur leis an maolú sealadach a deonaíodh don tSeicia le haghaidh soláthar amhola trí phíblíne ón Rúis.

(10) Le Cinneadh (CBES) 2025/1495 forchuirtear toirmeasc ar tháirgí peitriliam a fhaightear i dtríú tír ó amhola na Rúise a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach isteach san Aontas, agus ar chúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar. Tugtar isteach leis an gCinneadh sin freisin liosta de thíortha comhpháirtíochta a bhfuil tacar beart sriantach acu atá coibhéiseach cuid mhaith leis na bearta sriantacha sin a fhorchuireann an tAontas ar allmhairí ola agus táirgí peitriliam ón Rúis. Ba cheart a mheas gur ó amhola intíre seachas ó amhola de thionscnamh na Rúise a bhfuarthas táirgí peitriliam a allmhairítear ó ghlanonnmhaireoirí amhola. Ba cheart don Choimisiún treoir maidir le cur chun feidhme an toirmisc sin a eisiúint, go háirithe maidir leis an bhfianaise ba cheart d'oibreoirí atá ag gabháil d'allmhairiú táirgí peitriliam scagtha a sholáthar.

(11) Tá toirmeasc ar GNL na Rúise a allmhairiú trí chríochfoirt GNL an Aontais nach bhfuil nasctha leis an gcóras gáis nádúrtha idirnasctha. Le Cinneadh (CBES) 2025/1495 tugtar isteach maolú ar an toirmeasc gur féidir le Ballstát a dheonú nach bhfuil nasctha go díreach le córas idirnasctha aon Bhallstáit eile agus a fhaigheann an chéad soláthar tráchtála dá chéad chonradh soláthair gáis nádúrtha fadtéarmach tar éis an 20 Iúil 2025 chun a sholáthar fuinnimh a áirithiú. Tá an méid sin gan dochar d'aon bheart reachtach a bhfuil tionchar aige ar allmhairí fuinnimh isteach san Aontas ón Rúis.

(12) Ba cheart raon feidhme an toirmisc ar idirbhearta a leagtar amach in Airteagal 5aa(1) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a léiriú ar bhealach leathan agus ba cheart dó gach cineál idirbhirt a chumhdach. Sa chomhthéacs sin, a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idir fochuideachta de chuid an Aontais agus máthairchuideachta Rúiseach a liostaítear in Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, den chuid is mó, ba cheart a bheith ann mar thoradh ar an toirmeasc ar idirbhearta an fhochuideachta a dhíchúpláil óna máthairchuideachta Rúiseach. Dá bhrí sin, maidir le formheasanna a bhféadfadh sé gur gá d'fhochuideachta a fháil, faoi théarmaí chomhaontaithe ionchorparáide nó de bhun ceanglais dhlíthiúla eile, ó mháthairchuideachta liostaithe, tríd na formheasanna sin a fháil go díreach nó go hindíreach nó trí na treoracha a thugann máthairchuideachta liostaithe go díreach nó go hindíreach a fhorghníomhú, d'fhéadfadh fochuideachta cáiliú mar fhochuideachta atá ag gníomhú thar ceann nó faoi stiúir eintitis dá dtagraítear in Airteagal 5aa(1), pointe (a) nó (b), de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, agus i gcomhréir le pointe (c) den mhír sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an fhochuideachta sin, ag brath ar na himthosca sonracha, teacht faoi raon feidhme an toirmisc ar idirbhearta. Ar na gníomhaíochtaí lena léirítear go ngníomhaíonn an fhochuideachta thar ceann eintiteas Rúiseach nó faoina threoir áirítear ceapadh nó dífhostú aon ionadaí údaraithe de chuid fhochuideachta an Aontais, nó treoracha nó formheasanna a fháil ó eintiteas idirmheánach nach bhfuil ag gabháil do ghníomhaíochtaí oibríochtúla gnó. De bharr na n-iarmhairtí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta chun leanúnachas fochuideachta atá ag gníomhú thar ceann eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 5aa(1), pointe (a) nó (b), de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó faoina threoir a choimirciú, mar shampla trí iontaobhaíocht phoiblí nó beart comhchosúil balla dóiteáin a fhorchur ar an bhfochuideachta sin. Féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta atá i gceannas ar an earnáil nó ar an réimse ábhartha ina n-oibríonn an fhochuideachta na bearta sin a fhorchur nó a údarú freisin, faoi réir an dlí náisiúnta. I bhfianaise a thábhachtaí atá an toirmeasc ar idirbhearta in Airteagal 5aa(1) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, agus i bhfianaise na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán sin, is gá critéir dhiana a chur i bhfeidhm tráth a fhorchuirtear iontaobhaíocht phoiblí nó beart comhchosúil balla dóiteáin. Chun a áirithiú go leanfaidh na

([4]) Cinneadh (CBES) 2022/884 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 153, 3.6.2022, lch. 128, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/884/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2022/879 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 153, 3.6.2022, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/879/oj).

fochuideachtaí de bheith ag feidhmiú agus go gcomhlíonfaidh siad na smachtbhannaí, ag gníomhú dóibh thar ceann nó faoi stiúir eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 5aa(1), pointe (a) nó (b) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tugtar díolúine ón toirmeasc ar idirbhearta isteach le Cinneadh (CBES) 2025/1495 , ar choinníoll gur fhorchuir údarás inniúil iontaobhaíocht phoiblí nó beart comhchosúil poiblí balla dóiteáin nó gur údaraigh údarás inniúil beart comhchosúil 'balla dóiteáin'. Ba cheart don mhéid sin a bheith gan dochar do bhearta sriantacha eile.

(13) Le Cinneadh (CBES) 2025/1495, leasaítear na coinníollacha chun toirmeasc ar idirbhearta a fhorchur ar dhaoine, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Rúis a úsáideann Córas Aistrithe Teachtaireachtaí Airgeadais Bhanc Ceannais na Rúise nó seirbhísí speisialaithe coibhéiseacha teachtaireachtaí airgeadais arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise. Is amhlaidh atá toisc gur bhunaigh an Rúis an Córas Aistrithe Teachtaireachtaí Airgeadais mar rogha mhalartach ar sheirbhís speisialaithe teachtaireachtaí airgeadais atá bunaithe san Aontas agus chun a bainc a chosaint ar thionchar na mbeart sriantach a ghlac an tAontas agus a chomhghuaillithe ó 2014 mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí na Rúise lena mbaintear an bonn an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine. Measann an Chomhairle go bhféachann an Rúis, tríd an úsáid a bhaintear as an gCóras Aistrithe Teachtaireachtaí Airgeadais a leathnú lasmuigh dá críoch, leis an straitéis sin a shaothrú a thuilleadh agus lena trádáil idirnáisiúnta a chosaint ar thionchar bhearta sriantacha an Aontais, rud lena méadófaí athléimneacht airgeadais na Rúise agus lena gcuirfí deiseanna ar fáil chun teacht timpeall ar na toirmisc i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([6]) a éascú.

(14) Chun forálacha áirithe a shoiléiriú, le Cinneadh (CBES) 2025/1495 déantar foráil maidir le díolúine ón toirmeasc ar idirbhearta i gcalafoirt áirithe do ghual na Casacstáine bunaithe ar ghealltanas an Aontais tionchair dhiúltacha ar shlándáil fuinnimh tríú tíortha ar fud an domhain a chosc. Le Cinneadh (CBES) 2025/1495 déantar foráil maidir le díolúine ón toirmeasc ar idirbhearta in aerfoirt áirithe a mhéid a bhaineann le cumais agus saoráidí núicléacha sibhialta.

(15) Ceapadh píblínte Nord Stream agus Nord Stream 2 chun gás nádúrtha a tharchur ón Rúis chuig an Aontas. Tá siad á rialú ag Rialtas na Rúise trí fhiontair faoi úinéireacht stáit. Rinneadh damáiste don dá phíblíne i mí Mheán Fómhair 2022 agus tá siad neamhoibríochtúil faoi láthair. Sholáthair Nord Stream gás nádúrtha ón Rúis don Eoraip, agus níor tháinig Nord Stream 2 i bhfeidhm riamh. Tá an Rúis tar éis cur isteach arís agus arís eile, agus go haontaobhach, ar sholáthairtí gáis nádúrtha trí Nord Stream, agus chuir sí isteach orthu go hiomlán faoi dheireadh mhí Lúnasa 2022, chun an tAontas agus a Bhallstáit a chomhéigniú agus an bonn a bhaint dá dtacaíocht don Úcráin. Thairis sin, trí ghás nádúrtha a sholáthar trí na píblínte sin amach anseo, d'fhéadfaí ioncam a ghiniúint don Rúis, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí leanúint dá cogadh foghach ar an Úcráin. Chun atosú nó bunú soláthairtí gáis nádúrtha trí na píblínte sin a chosc, tugtar isteach le Cinneadh (CBES) 2025/1495 bearta sriantacha lena gcuirtear toirmeasc ar aon idirbheart a bhaineann, go díreach nó go hindíreach, leis na píblínte gáis nádúrtha Nord Stream agus Nord Stream 2 agus leis na píblínte nó páirteanna díobh a thabhairt i gcrích, a oibriú, a chothabháil nó a úsáid. Ba cheart a chumhdach leis an toirmeasc ar idirbhearta freisin ceannach gáis nádúrtha a iompraítear trí cheachtar den dá phíblíne. Ba cheart feidhm a bheith ag díolúintí agus maoluithe spriocdhírithe chun a áirithiú go bhfanfaidh na sásraí rialaithe atá ann cheana ar na píblínte trí shásraí athstruchtúraithe, go háirithe i ndáil le Nord Stream AG agus Nord Stream 2 AG, chun a áirithiú nach n-úsáidfear na píblínte.

(16) Le Cinneadh (CBES) 2025/1495, leathnaítear an toirmeasc ar idirbhearta ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais tríú tír agus ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní chun eintitis a áireamh a chuireann bac suntasach ar chuspóir na dtoirmeasc i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014. Cumhdaítear le leathnú an toirmisc ar idirbhearta freisin na hinstitiúidí airgeadais tríú tír agus na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thacaíonn le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear trí idirbhearta a phróiseáil nó maoiniú onnmhairiúcháin a sholáthar le haghaidh oibríochtaí trádála lena gcuirtear bac ar chuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Le Cinneadh (CBES) 2025/1495, cuirtear 2 eintiteas le liosta na n-institiúidí airgeadais tríú tír atá faoi réir an toirmisc sin. Ar deireadh, cumhdaítear leis an toirmeasc ar idirbhearta freisin aon duine dlítheanach tríú tír, eintiteas tríú tír nó comhlacht tríú tír nach institiúid chreidmheasa nó airgeadais é nó nach eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní, lena n-áirítear trádálaithe ola, a chuireann bac suntasach ar chuspóir na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagail 3m, 3n agus 3s de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

(17) Le Cinneadh (CBES) 2025/1495 déantar toirmeasc ar idirbhearta den toirmeasc atá ann cheana ar sheirbhísí speisialaithe teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais áirithe na Rúise nó d'eintitis eile a shuibscríobhann le seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais nó d'fhochuideachtaí Rúiseacha d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais tríú tír, institiúidí atá ábhartha maidir le córas airgeadais agus baincéireachta na Rúise, agus ar bainc réigiúnacha mhóra agus thábhachtacha iad, lena n-éascaítear, dá bhrí sin, airgeadas agus gnó réigiúnach agus cónaidhme, nó bainc lena n-éascaítear íocaíochtaí móra trasteorann agus, ar an gcaoi sin, a threisíonn geilleagar na Rúise agus a hearnáil tionsclaíoch, nó bainc a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine trí oibriú

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj).

sna críocha faoi fhorghabháil, nó bainc atá faoi réir bearta sriantacha cheana féin arna bhforchur ag an Aontas nó ag tíortha comhpháirtíochta. Le Cinneadh (CBES) 2025/1495 cuirtear 22 institiúid airgeadais nó chreidmheasa agus eintiteas eile le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir an toirmisc sin ar idirbhearta freisin. Ar deireadh, le Cinneadh (CBES) 2025/1495 cuirtear díolúintí isteach a bhaineann le feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Rúis agus a bhaineann leis na hidirbhearta a dhéanann náisiúnaigh de Bhallstát a bhfuil cónaí orthu sa Rúis. Cuirtear maolú leis freisin le haghaidh idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun dífheistiú a dhéanamh ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh. Meabhraítear nach bhfuil éifeacht sheach-chríochach ag smachtbhannaí an Aontais, agus nach bhfuil siad ina gceangal ar na hoibreoirí a ionchorpraítear faoi dhlíthe tríú tíortha, lena n-áirítear oibreoirí Rúiseacha. Dá bhrí sin, gan dochar d'Airteagal 8a de Rialachán (AE) Uimh. 833/2024, maidir le hidirbhearta idir daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a bhfochuideachtaí i dtríú tíortha, ní sháraíonn na hidirbhearta sin an toirmeasc siúd, lena n-áirítear má bhíonn institiúidí creidmheasa nó airgeadais atá faoi réir an toirmisc rannpháirteach iontu. Tá na díolúintí agus an maolú in Airteagal 5h de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 gan dochar don toirmeasc ar oibreoirí san Aontas seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar do na heintitis in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin.

(18) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2025/1495 do nós imeachta dinimiciúil chun an chaidhp phraghais ar amhola na Rúise a mhodhnú ag brath ar mheánphraghas margaidh amhola na Rúise. Ba cheart a áirithiú leis an nós imeachta sin go mbeidh an chaidhp phraghais íseal go leor i gcónaí chun ioncam na Rúise ó onnmhairí ola a laghdú, agus luaineacht praghsanna roimhe sin á cur san áireamh. Leis na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún chun an chaidhp phraghais ar amhola na Rúise a leasú bunaithe ar an nós imeachta sin, ní chruthaítear fasach ar bhealach ar bith chun bearta sriantacha arna nglacadh ag an gComhairle d'aon toil a chur chun feidhme. I bhfianaise na bpraghsanna domhanda ola atá ann faoi láthair, ba cheart caidhp níos ísle ar phraghas amhola na Rúise a ghlacadh cheana féin chun an chaidhp praghais a thabhairt níos gaire do chostais táirgthe ola agus, ar an gcaoi sin, ioncam na Rúise ó onnmhairí ola a laghdú a thuilleadh. Gach uair a leasaítear an chaidhp phraghais, ba cheart do réamhchonarthaí a chomhlíonann an chaidhp phraghais atá ann cheana tairbhe a bhaint as idirthréimhse 90 lá le haghaidh muiriompair agus chun cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le muiriompar amhola na Rúise chuig tríú tíortha a sholáthar, go díreach nó go hindíreach. Tá gá leis an idirthréimhse sin chun a áirithiú go gcuirfidh na hoibreoirí ar fad an chaidhp phraghais chun feidhme go comhsheasmhach. Ina theannta sin, ba cheart an sásra athbhreithniúcháin atá ann cheana a neartú, agus ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na caidhpe praghais, é a thuairisciú don Chomhairle gach 6 mhí agus leasuithe a mholadh de réir mar is iomchuí. Ar bhonn na tuarascála sin, ba cheart don Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú shásra na caidhpe praghais, lena n-áirítear cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt, Iarscríbhinn XXVIII agus na toirmisc i míreanna 1 agus 4 d'Airteagal 3n de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

(19) Tá Ciste Infheistíochta Dírí na Rúise (RDIF) fós ina uirlis a úsáideann an Rúis chun airgeadraí eachtracha a dhíriú isteach ina dlínse, chun rochtain a lorg ar chistí lena hiarracht chogaidh a choinneáil ar bun agus chun athléimneacht a geilleagair a mhéadú. Úsáideann Ciste Infheistíochta Dírí na Rúise struchtúir chasta infheistíochta chun a ghníomhaíochtaí agus a thionscadail chómhaoinithe a cheilt agus chun iad a chosaint ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Dá bhrí sin, le Cinneadh (CBES) 2025/1495, tugtar isteach toirmeasc ar idirbhearta lena ndírítear ar RDIF, ar a fhochuideachtaí, ar a infheistíochtaí móra agus ar aon duine a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta nó seirbhísí airgeadais eile do na heintitis sin. Meastar infheistíocht a bheith ina 'infheistíocht mhór' más cosúil go bhfuil beartas nó straitéis eacnamaíoch rialtais mar bhonn thaca léi nó má bhaineann sí le hearnáil atá ábhartha do sho-ionramháilteacht gheopholaitiúil fhadtéarmach na Rúise, go háirithe an t-airgeadas agus an bhaincéireacht, an t-iompar, an teileachumarsáid, an chosaint, an déantúsaíocht thionsclaíoch, an teicneolaíocht úrscothach, an fuinneamh, nó sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh ola, gáis agus acmhainní mianracha, lena n-áirítear maoin intleachtúil nó taighde agus forbraíocht lena mbaineann. Le Cinneadh (CBES) 2025/1495, cuirtear 4 eintiteas ina ndearna RDIF infheistíocht mhór le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir an toirmisc ar idirbhearta.

(20) Chun srian breise a chur ar ghníomhaíocht soithí atá ina gcuid de 'scáthchabhlach' na dtancaer ola nó a rannchuidíonn le hioncam fuinnimh na Rúise, le Cinneadh (CBES) 2025/1495 cuirtear 105 soitheach bhreise le liosta na soithí a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES a bhfuil toirmeasc orthu teacht isteach i gcalafoirt agus loic na mBallstát agus raon leathan seirbhísí a fháil a bhaineann le muiriompar.

(21) Tá earnáil baincéireachta agus airgeadais na Rúise ríthábhachtach d'iarracht chogaidh na Rúise. Agus é d'aidhm a forbairt bhreise a chosc, forchuirtear le Cinneadh (CBES) 2025/1495 toirmeasc ar sholáthar bogearraí a mbaintear úsáid áirithe astu san earnáil baincéireachta agus airgeadais.

(22) Agus urraim chuí á tabhairt dá n-oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme, níor cheart do na Ballstáit aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas cúirte seachas cúirt Ballstáit nó cúirt eile, cinneadh eadrána nó riaracháin arna n-eisiúint in imeachtaí seachas iad sin sna Ballstáit de bhun imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát

i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó Rialachán Uimh. 269/2014 a aithint ná a fhorfheidhmiú. Ba cheart cur chun feidhme éifeachtach an chlásail neamhnaithe éilimh a mheas mar bheartas poiblí an Aontais agus na mBallstát chun críocha dámhachtainí eadrána nó cinntí breithiúnacha nó riaracháin a aithint agus a fhorfheidhmiú. Mar thoradh air sin, má aithníonn nó má fhorfheidhmíonn na Ballstáit urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ó chúirt seachas cúirt de chuid Ballstáit nó cúirt eile, cinneadh eadrána nó riaracháin arna n-eisiúint le linn imeachtaí seachas imeachtaí sna Ballstáit de bhun nó a dhíorthaítear ó imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát a bhféadfadh sásamh aon éileamh i ndáil le bearta a fhorchuirtear faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bheith mar thoradh orthu, ba cheart a mheas gur sárú é sin ar bheartas poiblí an Aontais agus na mBallstát. Ba cheart don fhoráil sin a bheith gan dochar don oibleagáid atá ar Bhallstáit páirt a ghlacadh in imeachtaí a thionscnaítear ina choinne agus é féin a chosaint in imeachtaí a thionscnaítear ina coinne agus a iarraidh go n-aithneofar agus go bhforfheidhmeofar dámhachtain lena ndeonaítear aisíocaíocht costas dóibh.

(23) Cé go bhfuil toirmeasc ar shásamh éileamh i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, lena n-áirítear in imeachtaí um réiteach lasmuigh den chúirt, tá fianaise ann a thugann le fios go bhféachann nó go bhféadfadh sé go bhféachfadh daoine, eintitis nó comhlachtaí Rúiseacha nó daoine, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú thar ceann ceann amháin de na daoine, eintitis nó comhlachtaí Rúiseacha sin, nó atá faoi úinéireacht nó faoi rialú na ndaoine, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sin, le himeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh agus a shaothrú ar bhonn mí-úsáideach lasmuigh den Aontas, i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, nó go bhféachann siad, nó go bhféadfadh sé go bhféachfadh siad, le haitheantas nó forfheidhmiú dámhachtainí eadrána a fháil go neamhdhleathach, ar dámhachtainí iad arna ndeonú trí na himeachtaí mí-úsáideacha sin um réiteach díospóidí. Is gá, dá bhrí sin, é a chur ar a chumas na n-údarás inniúil nó an Aontais, i gcás inarb infheidhme, aon damáiste a rinneadh, lena n-áirítear costais dlí agus costais arna dtabhú i gcás neamhchomhlíonadh na dámhachtana eadrána ag an bpáirtí eile, a aisghabháil in imeachtaí os comhair cúirt i mBallstát ó na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin agus ó dhaoine, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin faoi úinéireacht nó faoi rialú acu, mar thoradh ar réiteach díospóide idir infheisteoir agus Stát i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, ar choinníoll gur feidhmíodh gach leigheas dlí atá ar fáil sa dlínse ábhartha. Ba cheart do na húdaráis inniúla damáistí den sórt sin a aisghabháil i gcomhréir le dlí an Aontais agus le gnáthrialacha an dlí idirnáisiúnta.

(24) I gcás ina mbeidh ar Bhallstáit dul i ngleic le dámhachtainí eadrána a tugadh ina gcoinne in imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, ba cheart dóibh aon agóid atá ar fáil dóibh a agairt in imeachtaí intíre nó eachtracha chun dámhachtainí den sórt sin a aithint agus a fhorfheidhmiú. Áirítear leis sin an agóid a chur isteach go mbeadh aithint nó forfheidhmiú na dámhachtana contrártha do bheartas poiblí na tíre ina n-iarrtar aithint agus forfheidhmiú, de bhun Choinbhinsiún 1958 maidir le Dámhachtainí Eadrána Eachtracha a Aithint agus a Fhorfheidhmiú.

(25) Ba cheart cur i bhfeidhm fhoráil *forum necessitatis* a leathnú chuig Airteagal 11e.

(26) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go sonrach d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát iad.

(27) Maidir le tioscadal Paks II, níor cheart feidhm a bheith ag na toirmisc i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 12h de. Tá an toirmeasc ar idirbhearta in Airteagal 5h de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann leis na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis ar cheann de na toirmisc a chumhdaítear leis an bhforáil sin.

(28) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(zg) ciallaíonn "tír chomhpháirtíochta le haghaidh allmhairiú táirgí peitriliam" tír a chuireann tacar beart sriantach i bhfeidhm ar allmhairí táirgí amhola agus peitriliam atá coibhéiseach cuid mhaith leo siúd dá bhforáiltear in Airteagal 3m, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn LI;'

(2) leasaítear Airteagal 2a mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1aa. Gan dochar don toirmeasc ar onnmhairí indíreacha i mír 1 den Airteagal seo agus in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/821, beidh údarú de dhíth le haghaidh onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta a d’fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt na hearnála cosanta agus slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo, chuig aon tríú tír seachas an Rúis, más rud é gur chuir údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó bunaithe in iúl don onnmhaireoir go bhfuil na hearraí atá i gceist ceaptha, nó go bhféadfaidh siad a bheith ceaptha, ina n-iomláine nó i bpáirt, d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘6a. I gcás ina bhfuil gá le húdarú i gcomhréir le mír 1aa, leanfaidh na húdaráis inniúla ar aghaidh i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige.’;

(3) leasaítear Airteagal 3k mar seo a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘3ah. A mhéid a bhaineann leis na hearraí a thagann faoi na cóid AC a liostaítear in Iarscríbhinn XXIIIE, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 21 Deireadh Fómhair 2025 i gcás na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 20 Iúil 2025, nó na gconarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorfheidhmiú.

3ai. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi na cóid AC a liostaítear in Iarscríbhinn XXIIIF, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 21 Eanáir 2026 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 20 Iúil 2025, nó i gcás na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(b) i mír 5a, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(e) earraí a thagann faoi chód AC 7615 10, cód AC 8414 60 agus cód AC 8422 30;

(f) earraí a thagann faoi chód AC 3916 20 nuair is fíorghá chun urlárlach PVC a dhíol.’;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘5h. Féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú freisin, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 8422 30, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar chun bia, deochanna agus táirgí cógaisíochta a phacáistiú.

5i. Féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú freisin, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 3402 90, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó gur gá an cúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar chun conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 1 Eanáir 2025 go dtí an 1 Eanáir 2028 nó go dtí a ndáta éaga, cibé acu is luaithe, a fhorghníomhú.’;

(4) in Airteagal 3m, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘3b. Scoirfidh an díolúine i mír 3, pointe (d), d’fheidhm a bheith aici maidir leis an tSeicia ón 1 Iúil 2025.’;

(5) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 3ma

1. Ón 21 Eanáir 2026 ar aghaidh, na táirgí peitriliam a thagann faoi chód AC 2710 a fhaightear i dtríú tír ó amhola a thagann faoi chód AC 2709 00 ar de thionscnamh na Rúise í, toirmeascfar na táirgí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas.

Chun críocha chur i bhfeidhm na míre seo, tráth an allmhairithe, cuirfidh allmhaireoirí fianaise ar fáil maidir le tír thionscnaimh na hamhola a úsáidtear chun an táirge a scagadh i dtríú tír mura ndéantar an táirge a allmhairiú ó thír chomhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn LI.

Táirgí peitriliam arna n-allmhairiú ó thríú tíortha ar glan-onnmhaireoirí amhola iad sa bhliain féilire roimhe sin, measfar go bhfuarthas iad ó amhola intíre seachas ó amhola de thionscnamh na Rúise, mura bhfuil forais réasúnacha ag údarás inniúil náisiúnta chun a chreidiúint gur ó amhola na Rúise a fuarthas iad.

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, chomh maith le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.';

(6) leasaítear Airteagal 3n mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, ar feadh tréimhse 90 lá, ó dháta theacht i bhfeidhm Rialacháin Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn XXVIII, maidir le hiompar táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis, agus maidir le cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis an iompar a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, ar choinníoll:

(a) go bhfuil iompar nó soláthar cúnaimh theicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leis an iompar bunaithe ar chonradh a tugadh i gcrích roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme sin ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn XXVIII; agus

(b) nach mó an praghas ceannaigh in aghaidh an bhairille ná an praghas, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII, a bhí infheidhme ar dháta thabhairt i gcrích an chonartha sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

'11. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar phraghsanna amhola na Rúise ar bhonn measúnuithe praghsanna arna soláthar ag gníomhaireachtaí tuairiscithe údaraithe. Bunaithe ar na sonraí sin, ríomhfaidh an Coimisiún meánphraghas margaidh amhola na Rúise thar thréimhse 22 sheachtain dar tús an 15 Iúil 2025 agus ar feadh tréimhse choibhéiseach 22 sheachtain gach 6 mhí ina dhiaidh sin.

Chun gur éifeachtach i gcónaí a bheidh sé maidir lena cuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear a cumas ioncam ola na Rúise a laghdú, socrófar an chaidhp phraghais cothrom leis an meánphraghas margaidh sin d'amhola na Rúise lúide 15 %. I gcás ina n-athraíonn an praghas a ríomhadh le déanaí 5 % nó níos lú ón gcaidhp phraghais is infheidhme, ní leasófar an chaidhp phraghais.

Foilseoidh an Coimisiún fógra maidir leis an meánphraghas margaidh sin agus leasóidh sé Iarscríbhinn XXVIII i gcomhréir leis an dara fomhír den mhír seo agus le hAirteagal 7a an 15 Eanáir 2026 agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin.

Beidh feidhm ag an gcaidhp phraghais leasaithe ón gcéad lá den mhí tar éis mhí theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún.

Faoin 15 Aibreán 2026, agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmiú shásra na caidhpe praghais, lena n-áirítear Iarscríbhinn XXVIII chomh maith leis na toirmisc i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, ar bhonn, *inter alia*, comhordú le Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais. Cuirfidh sé a thorthaí faoi bhráid na Comhairle agus molfaidh sé leasuithe de réir mar is iomchuí.

Féadfar an measúnú sin a dhéanamh tráth níos luaithe i gcás ina mbeidh údar cuí leis de bharr forbairtí sa mhargadh ola, imthosca geopholaitiúla, nó breithnithe ábhartha eile.

Leis an athbhreithniú sin, cuirfear san áireamh éifeachtacht an bhirt i dtéarmaí na dtorthaí a meastar a bheidh air, a chur chun feidhme, comhlíonadh idirnáisiúnta shásra na caidhpe praghais agus an t-ailíniú neamhfhoirmiúil leis, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an Aontas agus ar a Bhallstáit. Freagróidh sé ar fhorbairtí sa mhargadh, lena n-áirítear aon suaitheadh a d'fhéadfadh tarlú.

Ar bhonn na tuarascála sin, déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar fheidhmiú shásra na caidhpe praghais, lena n-áirítear Iarscríbhinn XXVIII chomh maith leis na toirmisc i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo.';

(7) in Airteagal 3u, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'6. De mhaolú ar na toirmisc i míreanna 1 agus 2, féadfaidh údarás inniúil Ballstáit nach bhfuil nasctha go díreach le córas idirnasctha gáis nádúrtha aon Bhallstáit eile agus a fuair an chéad soláthar tráchtála dá chéad chonradh soláthair gáis nádúrtha fadtéarmach tar éis an 20 Iúil 2025, ceannach, allmhairiú nó aistriú gáis nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise é nó a onnmhairítear ón Rúis, a údarú, tar éis don údarás inniúil sin a chinneadh gur chun a sholáthar fuinnimh a áirithiú atá an ceannach, an t-allmhairiú nó an t-aistriú.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír sin laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

1. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (*) ("an Liosta Comhchoiteann Míleata") a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(b) na nithe seo a leanas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach:

(i) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata, nó a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid earraí atá ar an liosta sin, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(ii) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(c) na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más de thionscnamh na Rúise iad nó má onnmhairítear ón Rúis iad.

2. Beidh na toirmisc i mír 1 gan dochar don mhéid seo a leanas:

(a) an t-allmhairiú, an ceannach nó an t-iompar a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(i) soláthar páirteanna spártha agus seirbhísí atá riachtanach do chothabháil agus do shábháilteacht na gcumas atá ann cheana san Aontas; nó

(ii) forfheidhmiú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Lúnasa 2014, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorfheidhmiú; nó

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais gaolmhar, cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile le haghaidh páirteanna spártha agus seirbhísí is gá le haghaidh chothabháil, dheisiú agus shábháilteacht na gcumas atá ann cheana san Aontas a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó a sholáthar.

2a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú, nó cúnamh maoinithe gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar, cúnaimh theicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, agus allmhairiú, ceannach nó iompar hiodraisín (CAS 302-01-2) i dtiúchain 70 % nó níos mó, ar choinníoll go ríomhtar méid an hiodraisín i gcomhréir leis an lainseáil nó leis na lainseálacha nó leis na satailítí dá ndéantar é, agus nach mó ná cainníocht iomlán 800 kg do gach lainseáil nó satailít ar leith;

(b) allmhairiú, ceannach nó iompar hiodraisín démheitile neamhshiméadrach (CAS 57-14-7);

(c) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú hiodraisín monaimeitile (CAS60-34-4) agus allmhairiú, ceannach nó iompar hiodraisín monaimeitile (CAS60-34-4), ar choinníoll go ndéantar an méid hiodraisín monaimeitile a ríomh i gcomhréir leis an lainseáil nó leis na lainseálacha nó leis na satailítí dá ndéantar é,

a mhéid atá na substaintí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) ceaptha lena n-úsáid ag lainseálaithe arna n-oibriú ag soláthraithe seirbhísí lainseála Eorpacha, lena n-úsáid i lainseálacha clár Eorpach spáis, nó lena n-úsáid ag monaróirí satailítí Eorpacha chun satailítí a bhreoslú.

2aa. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le díol, soláthar, aistriú ná onnmhairiú maoiniú gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar, cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, ná maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar hiodraisín (CAS 302-01-2) nuair is mó ná 70 % an tiúchan ann agus atá sé beartaithe don mhéid seo a leanas:

(a) tástálacha agus eitilt mhodúl íslithe ExoMars faoi chuimsiú mhisean ExoMars 2020, i méid arna ríomh i gcomhréir le riachtanais gach céime den mhisean sin, nach mó ná 5 000 kg san iomlán é ar feadh thréimhse iomlán an mhisin; nó

(b) eitilt mhodúl iompróra ExoMars faoi chuimsiú mhisean ExoMars 2020, i méid arna ríomh i gcomhréir le riachtanais na heitilte, nach mó ná 300 kg é san iomlán.

2b. Beidh na hoibríochtaí dá dtagraítear i míreanna 2a agus 2aa faoi réir údarú a fháil roimh ré ó na húdaráis inniúla.

Soláthróidh iarratasóirí ar údarú gach faisnéis ábhartha is gá do na húdaráis inniúla.

Cuirfidh na húdaráis inniúla an Coimisiún ar an eolas faoi na húdaruithe uile a dheonaítear.

3. Beidh na nithe seo a leanas faoi réir údarú ón údarás inniúil lena mbaineann:

(a) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú ítimí a liostaítear in Iarscríbhinn II, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach nó, má bhaineann an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an onnmhairiú sin le hítimí lena n-úsáid sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht in aon Stát eile;

(b) soláthar cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann le hítimí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-ítimí sin, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach nó, má bhaineann an cúnamh sin le hítimí lena n-úsáid sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht in aon Stát eile;

(c) soláthar maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le hítimí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II chun na hítimí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach nó, má bhaineann an cúnamh sin le hítimí lena n-úsáid sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach, chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht in aon Stát eile.

I gcásanna éigeandála a bhfuil údar cuí leo dá dtagraítear in Airteagal 3(5), féadfar leanúint ar aghaidh le soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír seo gan údarú a fháil roimh ré, ar choinníoll go dtabharfaidh an soláthraí fógra don údarás inniúil, laistigh de 5 lá oibre, faoi sholáthar na seirbhísí.

4. I gcás ina n-iarrtar údaruithe de bhun mhír 3 den Airteagal seo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 3, agus go háirithe míreanna 2 agus 5 de.

(*) Leagan is déanaí foilsithe in IO C, C/2025/1499, 6.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1499/oj.';

(9) in Airteagal 5aa, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2f. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le heintitis atá bunaithe san Aontas agus atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir na n-eintiteas dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) nó (b), ar choinníoll:

(a) go bhfuil údaráis inniúla tar éis iontaobhaíocht phoiblí nó beart balla dóiteáin poiblí dá leithéid a fhorchur ar an eintiteas sin, nó;

(b) go bhfuil beart balla dóiteáin dá leithéid údaraithe ag údaráis inniúla chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú agus de bheith ag comhlíonadh na mbeart sriantach.';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5ac, mír 2:

'2. Toirmeascfar gabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Rúis mar a liostaítear in Iarscríbhinn XLIV.

Áireofar in Iarscríbhinn XLIV na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Rúis a úsáideann Córas Aistrithe Teachtaireachtaí Airgeadais Bhanc Ceannais na Rúise nó seirbhísí speisialaithe coibhéiseacha teachtaireachtaí airgeadais arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise nó ag Stát na Rúise.';

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5ad:

'*Airteagal 5ad*

1. Toirmeascfar gabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:

(a) is institiúid chreidmheasa, institiúid airgeadais nó eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní a chuireann bac suntasach ar chuspóir na dtoirmeasc sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, mar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XLV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) is institiúid chreidmheasa, institiúid airgeadais nó eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní a thacaíonn le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear trí idirbhearta a phróiseáil nó maoiniú onnmhairiúcháin a sholáthar le haghaidh oibríochtaí trádála lena gcuirtear bac ar chuspóir an Rialacháin seo, mar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XLV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) ní institiúid chreidmheasa, insitiúid airgeadais ná eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní agus tá bac suntasach á chur aige ar chuspóir na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagail 3m, 3n agus 3s den Rialachán seo, mar a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XLV a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintiteas dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) de mhír 1.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, a gceadaítear a n-onnmhairiú, a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-iompar chuig an Rúis faoin Rialachán seo, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a iompar;

(b) idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 269/2014; nó

(c) idirbhearta a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, ar nós cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú, nó le haghaidh aslonnuithe.';

(12) in Airteagal 5ae(3), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(g) maidir le hidirbhearta i ndáil le ceannach, allmhairiú nó aistriú guail a thagann faoi chód CN 2701 i gcás gur de thionscnamh tríú tír é agus nach bhfuil sé ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin.';

(13) in Airteagal 5ae(4), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(g) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí núicléacha sibhialta a chríochnú.';

(14) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 5af*

1. Toirmeascfar gabháil d'aon idirbheart, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na píblínte gáis nádúrtha Nord Stream agus Nord Stream 2, maidir leis na píblínte a thabhairt chun críche, a oibriú, a chothabháil nó a úsáid. Ina theannta sin, beidh toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, in aon idirbheart i ndáil le maoiniú a bhaineann leis na píblínte a thabhairt chun críche, a oibriú nó a úsáid.

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hidirbhearta a bhfuil géarghá leo chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine, ar loingseoireacht mhuirí nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) foirceannadh nó athstruchtúrú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta i ndáil leis na píblínte gáis nádúrtha Nord Stream agus Nord Stream 2 i gcás inar gá sin chun a áirithiú nach n-úsáidfear na píblínte gáis nádúrtha Nord Stream agus Nord Stream 2;

(b) cúiteamh, aisghabhálacha nó aon acmhainní eile a éileamh ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i ndáil le píblínte gáis nádúrtha Nord Stream agus Nord Stream 2;

(c) chun íocaíochta nó aisghabhálacha a chur i bhfeidhm agus a fháil, ar íocaíochtaí nó aisghabhálacha iad atá dlite nó a bheidh dlite faoi orduithe cúirte, maoinithe, árachas, barántais nó aon chonradh nó comhaontú eile, nó i ndáil leo sin, nó i ndáil leis na píblínte gáis nádúrtha Nord Stream agus Nord Stream 2 a tugadh i gcrích roimh an 20 Iúil 2025;

(d) le haghaidh socraíochta, nó imeachtaí breithiúnacha nó eadrána i ndáil le píblínte gáis nádúrtha Nord Stream agus Nord Stream 2;

(e) le haghaidh seirbhísí cothabhála rialta a bhfuil géarghá leo chun rioscaí comhshaoil agus sábháilteachta nó tionchar diúltach ar earnáil an iascaigh a chosc.

Sula n-eiseoidh na húdaráis inniúil an t-údarú sin, tabharfaidh siad dréacht den údarú don Choimisiún. Laistigh de 30 lá ón dréacht sin a fháil, féadfaidh an Coimisiún tuairim a thabhairt do na húdaráis inniúla á rá go ndéanfadh an t-idirbheart atá beartaithe dochar do leasanna an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún an tuairim sin in iúl don Chomhairle.

4. Cuirfidh oibreoirí údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad corpraithe nó ar faoina dhlí atá siad comhdhéanta ar an eolas faoi aon idirbheart arna thabhairt i gcrích de bhun mhír 2, laistigh de 2 sheachtain tar éis é a thabhairt i gcrích. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhaisnéis a fuarthas de bhun na míre seo laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis a fháil.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 3 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

Airteagal 5ag

1. Toirmeascfar dul i mbun idirbheartaíochta, go díreach nó go hindíreach, in aon idirbheart le ceann de na heintitis seo a leanas:

(a) Ciste Infheistíochta Dírí na Rúise;

(b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Chiste Infheistíochta Dírí na Rúise;

(c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas ina ndearna eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) infheistíocht mhór, go díreach nó go hindíreach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XLIX a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta nó seirbhísí airgeadais eile d'eintiteas dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c), mar a liostaítear in Iarscríbhinn L a ghabhann leis an Rialachán seo;

(e) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a), (b), (c) nó (d).

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo chun táirgí cógaisíochta agus leighis a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, ar táirgí iad a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin Rialachán seo.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú go dtí an 31 Nollaig 2026, a bhfuil géarghá leo le haghaidh dífheistiú agus aistarraingt ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 2 nó mír 3 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(15) leasaítear Airteagal 5h mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfear toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, in aon idirbheart le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV nó le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn XIV.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'1a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo maidir le feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(b) idirbhearta arna ndéanamh ag náisiúnaigh de Bhallstát a bhfuil cónaí orthu sa Rúis agus a raibh cónaí orthu inti roimh an 24 Feabhra 2022.

1b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo le haghaidh dífheistiú ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh.

1c. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit forghníomhú idirbheart le Bank Zenit, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIV, a údarú faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh gur gá na hidirbhearta sin a fhorghníomhú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) íocaíocht as earraí a thagann faoi AC 3402 90;

(b) forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Eanáir 2025 go dtí an 1 Eanáir 2028 nó go dtí a ndáta éaga, cibé acu is luaithe.';

(16) leasaítear Airteagal 5n mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2b:

'2b. Beidh toirmeasc ar bhogearraí le haghaidh bainistiú fiontar, bogearraí le haghaidh dearadh tionsclaíoch agus monarú tionsclaíoch agus bogearraí a mbaintear úsáid áirithe astu san earnáil baincéireachta agus airgeadais mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXIX a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú, nó a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

(a) Rialtas na Rúise; nó

(b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'10a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2b maidir le soláthar bogearraí a mbaintear úsáid áirithe astu san earnáil baincéireachta agus airgeadais mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXIX, a bhfuil gá leis i gcomhair fhorghníomhú, go dtí an 30 Meán Fómhair 2025, na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 20 Iúil 2025, nó na gconarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(17) leasaítear Airteagal 7a mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Iarscríbhinn XXVIII i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 3n(11) chun praghas na hamhola a thabhairt cothrom le dáta;';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(aa) Iarscríbhinn XXVIII i gcomhréir leis na Cinntí ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES chun na praghsanna ar tháirgí peitriliam arna gcomhaontú ag Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais a thabhairt cothrom le dáta; agus';

(18) in Airteagal 11, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'2a. Ní dhéanfar aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ó chúirt bhreithiúnach seachas cúirt Ballstáit nó aon chinneadh cúirte, eadrána nó riaracháin eile arna n-eisiúint in imeachtaí seachas na himeachtaí sin sna Ballstáit de bhun imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát i gcoinne Ballstáit nó a dhíorthaítear ó na himeachtaí sin, ar imeachtaí iad a bhféadfadh sásamh aon éileamh i ndáil le bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bheith mar thoradh orthu, a aithint ná a fhorfheidhmiú ná ní thabharfar éifeacht dóibh i mBallstát má dhéanann aon duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), (b) nó (c), den Airteagal seo, nó daoine, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin faoi úinéireacht nó faoi rialú acu, iad a agairt.

2b. Ní dhéanfar aon iarraidh ar chúnamh le linn imscrúdú nó imeachtaí eile, ná aon phionós atá bunaithe ar urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ó chúirt seachas cúirt Ballstáit nó aon chinneadh cúirte, eadrána nó riaracháin eile arna n-eisiúint in imeachtaí seachas na himeachtaí sin sna Ballstáit de bhun imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát i gcoinne Ballstáit i ndáil le bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, nó a dhíorthaítear ó na himeachtaí sin, a aithint ná a fhorfheidhmiú ná ní thabharfar éifeacht dóibh i mBallstát má dhéanann aon duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), (b) nó (c), den Airteagal seo, nó daoine, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin faoi úinéireacht nó faoi rialú acu, iad a agairt.';

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11d:

'*Airteagal 11d*

I gcás nach bhfuil dlínse ag aon chúirt de chuid Ballstáit de bhun forálacha eile de dhlí an Aontais nó de dhlí Ballstáit, féadfaidh cúirt de chuid Ballstáit, ar bhonn eisceachtúil, éileamh ar dhamáistí a tugadh os a comhair de bhun Airteagal 11a, Airteagal 11b nó Airteagal 11e a éisteacht, ar choinníoll go bhfuil nasc leordhóthanach ag an gcás le Ballstát na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair.';

(20) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 11e*

I gcás inarb infheidhme, déanfaidh aon Bhallstát aon bhearta iomchuí chun gnóthú a dhéanamh nó chun bheith i dteideal gnóthú a dhéanamh, in imeachtaí breithiúnacha os comhair chúirteanna inniúla Ballstáit, ar aon damáiste díreach nó indíreach, lena n-áirítear costais dlí, arna dtabhú ag an mBallstát sin mar thoradh ar imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát a thionscnaítear i gcoinne Ballstáit i ndáil le bearta arna bhforchur faoin Rialachán seo nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014. I gcás inarb infheidhme, beidh an Ballstát i dteideal na damáistí sin a ghnóthú ó aon duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (a), (b) nó (c), den Rialachán seo, a thionscain, a rinne idirghabháil nó a ghlac páirt sa réiteach díospóide idir infheisteoir agus Stát nó a fhéachann le haon dámhachtain, cinneadh nó breithiúnas a bhaineann le réiteach díospóide idir infheisteoir agus Stát a fhorfheidhmiú agus daoine, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil aon cheann de na daoine, na heintitis ná na comhlachtaí sin faoi úinéireacht nó faoi rialú acu.

I gcás inarb infheidhme, beidh an tAontas i dteideal aon damáiste a thabhaíonn sé a ghnóthú faoi na coinníollacha céanna.

Airteagal 11f

Déanfaidh na Ballstáit aon agóid atá ar fáil i gcoinne aithint agus forfheidhmiú dámhachtainí eadrána arna dtabhairt ina gcoinne in imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát i ndáil le bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.';

(21) Leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(22) Leasaítear Iarscríbhinn VII i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(23) Leasaítear Iarscríbhinn XIV i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(24) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XXIII;

(25) Cuirtear isteach Iarscríbhinn XXIIIE i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(26) Cuirtear isteach Iarscríbhinn XXIIIF i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo;

(27) Leasaítear Iarscríbhinn XXVIII i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo;

(28) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XXXVII;

(29) Leasaítear Iarscríbhinn XLII i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo;

(30) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XLV;

(31) Cuirtear isteach Iarscríbhinn XLIX i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo;

(32) Cuirtear isteach Iarscríbhinn L i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo;

(33) Cuirtear isteach Iarscríbhinn LI i gcomhréir le hIarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo.

(34) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XXXIX

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, cuirtear na heintitis seo a leanas leis:

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
‘791.	OOO TSK Vektor Ar a dtugtar freisin: LLC TSK VEKTOR Ainm áitiúil: ООО ТСК ВЕКТОР	Seoladh (seoltaí): 664048, Sevastopolskaya ulitsa d. 235, kv. 70, Irkutsk, Irkutskaya region, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 395 2350041; +7 902 5161813 Uimhir chlárúcháin: 3849055365 (INN)	20.7.2025
792.	P-D TATNEFT – ALABUGA STEKLOVOLOKNO LLC Ainm áitiúil: ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “П-Д ТАТНЕФТЬ - АЛАБУГА СТЕКЛОВОЛОКНО”	Seoladh (seoltaí): 423600, Republic of Tatarstan, Yelabuga district, Alabuga SEZ territory, Sh-2 street, building 11/1, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 855 5759094 Suíomh gréasáin: www.alabuga.tatneft.ru Ríomhphost: office@pdt-steklovolokno.ru Uimhir chlárúcháin: 1646022610 (INN)	20.7.2025
793.	NPF Technologies of progress Ar a dtugtar freisin: NPF Tekhnologii Progressa Ainm áitiúil: ООО НПФ ТЕХНОЛОГИИ ПРОГРЕССА	Seoladh (seoltaí): 192236, Sofiyskaya street 8, bldg. 1, lit. BD, 10-H, Office 3.13A, Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 812 3634377 Suíomh gréasáin: www.npf-tp.ru Ríomhphoist: carbon@carbonstudio.ru Uimhir chlárúcháin: 7840074988 (INN)	20.7.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
794.	Kalinka Tianjin International Trade Co., Ltd. Ar a dtugtar freisin: Karinka (Tianjin) International Trade Co., Ltd. Ainm áitiúil: 卡林卡（天津）国际贸易有限公司	Seoladh (seoltaí): 2-4-101, Yuemengyuan, Jiangdu Road, 300140 Hebei District, Tianjin, Daon-Phoblacht na Síne Ríomhphost: 1021526248@qq.com Uimhir chlárúcháin: 91120105MA06Q77Y68	20.7.2025
795.	Arcos Harbin Supply Chain Management Co. Ltd. Ar a dtugtar freisin: Alcos (Harbin) Supply Chain Management Co., Ltd; Al Kos (Harbin) Supply Chain Manage Co., Ltd. Ainm áitiúil: 阿尔科斯（哈尔滨）供应链管理有限公司	Seoladh (seoltaí): Nangang District, Jingkai District, Harbin, Room 106, No. 368, Changjiang Road, Daon-Phoblacht na Síne Suíomh gréasáin: https://chbay.net/ru Ríomhphost: guanxin@chbay.net Uimhir chlárúcháin: 91230199MAC7UBMB9E	20.7.2025
796.	MKPL Technology HK Co. Ltd. Ar a dtugtar freisin: Mako Pineapple Technology (Hong Kong) Limited; Maco Pineapple Technology (Hong Kong) Co., Ltd Ainm áitiúil: 碼可菠蘿科技(香港)有限公司	Seoladh (seoltaí): Rm 1302 13/F Cheong K. Building 84-86, Des Voeux Road Central Hongkong , Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86 185 0160 3147 Suíomh gréasáin: https://mkplhk.com/ Ríomhphost: sales@mkplhk.com; info@mkplhk.com Uimhir chlárúcháin: 72201626 (BRN); 2974922 (Cláruimhir Cuideachta)	20.7.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
797.	TEST PARTNER LLC Ainm áitiúil: ООО Тест Партнер	Seoladh (seoltaí): 620026, Yekaterinburg, Sverdlovskaya oblast, Belinsky street 83, oifig 1714, Cónaidhm na Rúise; 125476, Moscó, Vasily Petushkova street 8, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 343 288 5154; +7 495 215 2837 Ríomhphost: info@testpartner.ru Suíomh gréasáin: http://testpartner.ru Uimhir chlárúcháin: 6658463986 (INN)	20.7.2025
798.	APGROUP-SMT Group of Companies LLC Ar a dtugtar freisin: Carbon Studio Ainm áitiúil: ООО ГК АПГРУПП-СМТ	Seoladh (seoltaí): 192236, Cathair Pheadair, Sofiyskaya street 8, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 812 3634377; +7 800 7072367 Ríomhphost: carbon@carbonstudio.ru; info@apgroup.pro Suíomh gréasáin: www.apgroup-tech.ru; www.carbonstudio.ru; www.tech.carbonstudio.ru Uimhir chlárúcháin: 7816693056 (INN)	20.7.2025
799.	CHIP SPACE ELECTRONICS CO. LTD Ainm áitiúil: 芯時空電子有限公司	Seoladh (seoltaí): Unit No. A222, 3F, Hang Fung Industrial Building, Phase 2, No. 2G Hok Yuen Street, Hunghom, Kowloon, Hong Cong Teileafón: + 852 3075 6680 Ríomhphost: sales@chipspace-elec.com Suíomh gréasáin: https://www.chipspace-elec.com/ Uimhir chlárúcháin: 74623200 (BRN); 3210227 (Cláruimhir Cuideachta)	20.7.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1494/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
800.	Uniservice LLC Ainm áitiúil: ООО ЮНИСЕРВИС	Seoladh (seoltaí): 195220, Cathair Pheadair, Obruchevykh st. 1, lit. A, ind. 2-H, office. 150, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://uniservicellc.ru/index.html Uimhir chlárúcháin: 7804700100 (INN)	20.7.2025
801.	Luchengtech Co Ltd Ar a dtugtar freisin: Beijing Lucheng Weiye Technology Development Co., Ltd Ainm áitiúil: 北京鲁成伟业科技发展有限公司	Seoladh (seoltaí): Room 601, Building 1, Zhu Brothers Building, No. 5 Liye Road, Changping District, Béising, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: + 86 62917956; +86 166 2020 5868 Ríomhphost: sales-c@luchengtech.com Suíomh gréasáin: https://www.luchengtech.com/ Uimhir chlárúcháin: 91110114783965860W	20.7.2025
802.	Xinghua Co Ltd Ar a dtugtar freisin: Beijing Xinghua Hengcheng Technology Co., Ltd; Beijing Xinghua Hengcheng Technology Development Co., Ltd Xinghuatech Co. Ltd; Xingtech Co., ltd; Xingtac Ainm áitiúil: 北京兴华恒成科技有限公司	Seoladh (seoltaí): Room 602, Building 1, Zhu Brothers Building, No. 5 Liye Road, Changping District, Beijing, People's Republic of China; Causeway Bay, Radio City, Hennessy Road, 505 Hong Cong; Flat / RM A 12/F ZJ 300, Lockhart road, Wan Chai, Hong Cong Teileafón: + 86 82894256; +86 400 688 5199; +86 159 0118 1049 Suíomh gréasáin: www.xingtac89.com Uimhir chlárúcháin: 911101145732045106	20.7.2025
803.	CUVEE Importers Limited	Seoladh (seoltaí): Unit 1207B, 12/F, Wah Lai Industrial Centre, 10-14 Kwei Tei Street, Fotan, NT, Hong Cong Uimhir chlárúcháin: 60699645 (BRN); 1834044 (Cláruimhir Cuideachta)	20.7.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
804.	Sistemotekhnika LLC Ar a dtugtar freisin: Systemtechnik Power Solutions Ainm áitiúil: ООО Системотехника	Seoladh (seoltaí): 125239, Moscó, Koptevskaya str. 73, building 1, floor 1, room 1, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 2550339; +7 495 1352917 Suíomh gréasáin: https://sstmk.ru; https://all-generators.ru/ Ríomhphost: info@sstmk.ru; box@all-generators.ru Uimhir chlárúcháin: 7743857750	20.7.2025
805.	Unmanned Solutions Center Ltd. Ar a dtugtar freisin: USC Ltd; Complex Unmanned Solutions Center Ltd Ainm áitiúil: ООО ЦЕНТР КОМПЛЕКСНЫХ БЕСПИЛОТНЫХ РЕШЕНИЙ; ООО “ЦКБР”	Seoladh (seoltaí): 24/1 Luch Str., 2nd floor, app. 112, Zhukovsky, Moscow Oblast, 140184, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://cus.center/ Ríomhphost: kuzyakin@gmail.com Uimhir chlárúcháin: 5040176793 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	20.7.2025
806.	POLIMERPROMTORG LLC Ainm áitiúil: ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “ПОЛИМЕРПРОМТОРГ”	Seoladh (seoltaí): 420140, Republic of Tatarstan, Kazan, Yuliusa Fuchika street, D. 90 A, office 820, Cónaidhm na Rúise Teileafón: + 7 (843) 2060242 Suíomh gréasáin: https://ppt16.ru Ríomhphost: ppt@ppt16.ru Uimhir chlárúcháin: 1661046655 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	20.7.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1494/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
807.	BOSFORLAB DIS TICARET LTD Ar a dtugtar freisin: BOSFORLAB	Seoladh (seoltaí): İnönü Mahallesi 19 Mayıs Caddesi Serhat Apartmanı No:106 Daire: 5 ATAŞEHİR Iostanbúl, Poblacht na Tuirce Teileafón: + 90 (0216) 575 33 71 Suíomh gréasáin: https://bosforlab.com/ Ríomhphost: info@bosforlab.com Uimhir chlárúcháin: 396399- 5	20.7.2025
808.	BASHTRADEHOUSE IC VE DIS TICARET LTD	Seoladh (seoltaí): Mustafa Akyol sok. 13 MVK Business No:211 Yenişehir mah. Pendik, 34912, Iostanbúl, Poblacht na Tuirce Suíomh gréasáin: https://bashtradehouse.com/en/ Ríomhphost: contact@bashtradehouse.com Uimhir chlárúcháin: 382301-5	20.7.2025
809.	FS DIS TICARET A. S. Ar a dtugtar freisin: FS Foreign Trade Ainm áitiúil: FS Dış Ticaret A.Ş	Seoladh (seoltaí): Buyaka 2 Sitesi 3 D:54, Poligon Caddesi No:8C, Fatih Sultan Mehmet Mahallesi, 34771 Ümraniye, Iostanbúl, Poblacht na Tuirce Teileafón: + 90 216 504 31 55 Suíomh gréasáin: https://www.fsforeigntrade.com Ríomhphost: info@fsforeigntrade.com Uimhir chlárúcháin: 3881489178	20.7.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
810.	ILMOR KIMYA VE TEKSTIL SANAYI VE TIC. LTD	Seoladh (seoltaí): Seba office D:61, Mimar Sinan Sokak NO:21D, Ayazaga Mahallesi, 34485 Sariyer, Poblacht na Tuirce Teileafón: +90 212 2884224 Suíomh gréasáin: https://ilmor.com.tr/ Ríomhphost: ilmor@ilmor.com.tr Uimhir chlárúcháin: 4730791281	20.7.2025
811.	KHIMINTEKHNO LLC Ainm áitiúil: ООО ХИМИНТЕХНО	Seoladh (seoltaí): 108851, Moscó, Shcherbinka, Simferopolskoye highway, 16, Cónaidhm na Rúise Teileafón: + 7 (499) 286-85-52 Suíomh gréasáin: http://himtechno.ru/ Ríomhphost: corp@himtechno.ru Uimhir chlárúcháin: 7751222426 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	20.7.2025
812.	POLIKHIM MOSKVA LLC Ainm áitiúil: ООО ПОЛИХИМ МОСКВА	Seoladh (seoltaí): 17B Butlerova St., room 58/11/2, 117342, Moscó, Konkovo Municipal district, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: http://polihem.ru/ Ríomhphost: mail@polihem.ru Uimhir chlárúcháin: 9728064503 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	20.7.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1494/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
813.	Atoma Ltd Ainm áitiúil: ООО АТОМА; ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “АТОМА”	Seoladh (seoltaí): 198095, Cathair Pheadair, st. Kalinina 13, room 620, 33-N Building A, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 812 4412331 Suíomh gréasáin: https://atoma.spb.ru/ Rphost: info@atoma.spb.ru Uimhir chlárúcháin: 7807352250	20.7.2025
814.	MT-SYSTEM LLC Ar a dtugtar freisin: LLC SYSTEM-L Ainm áitiúil: МТ-СИСТЕМС; ООО СИСТЕМА-Л	Seoladh (seoltaí): 198095, Cathair Pheadair, st. Kalinina 13, office 402, Building A, Cónaidhm na Rúise Teileafón: + 7 (812) 325 36 85 Suíomh gréasáin: www.mt-system.ru Rphost: info@mt-systems.ru; info@my-systems.ru	20.7.2025
815.	NPK AEROKON Ar a dtugtar freisin: AEROCON JSC, AEROKON LLC Ainm áitiúil: ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “АЭРОКОН”	Seoladh (seoltaí): 422700, Republic of Tatarstan, Vysokogorsky district, Chernyshevka village, Centralnaya street, 18, office 1, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +8 917 934 34 12 Suíomh gréasáin: http://aerokon.su/ Rphost: office@aerokon.su; aerokon.kzn@gmail.com Uimhir chlárúcháin: 1683010356	20.7.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
816.	Prist JSC Ar a dtugtar freisin: Pribory, Service, Torgovlya Ainm áitiúil: АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “ПРИБОРЫ, СЕРВИС, ТОРГОВЛЯ”	Seoladh (seoltaí): 111141, St. Plekhanova, 15A, Moscó, Cónaidhm na Rúise; St. Tshvetotchnaya, b. 18 lit. B Business-Park “Tshvetotchnaya 18”, Cathair Pheadair; st. Tsvillinga, 58, office 1, Ekaterinburg Teileafón: + 7 (495) 7775591; + 8 (812) 6777508; + 8 (343) 3173999 Suíomh gréasáin: https://prist.ru/en/about/ Rphost: prist@prist.ru Uimhir chlárúcháin: 7721212396	20.7.2025’

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1494/oj

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar a leanas:

(a) i gCuid A, Catagóir VIII, cuirtear an roinn seo a leanas leis:

'X.C.VIII.005 Comhábhair cheimiceacha le haghaidh tiomántán mar a leanas:

a. Dé-isicianáit tolúéine, in aon fhoirm isiméireach (CAS 584-84-9, 91-08-7, 26471-62-5, 9002-68-2, 26628-22-8);

b. Dé-isicianáit Défheinile Mheitile (CAS 101-68-8);

c. Dé-isicianáit iseafóróin (CAS 4098-71-9);

d. Xilidín, in aon fhoirm isiméireach (CAS 87-59-2, 95-68-1, 95-78-3, 87-62-7, 95-63-6 nó 108-69-0);

e. Poiléitear Hiodrocsa Foirceanta (HTPE);

f. Éitear Capralachtóin Hiodrocsa Foirceanta (HTCE).

Nóta Teicniúil:

Tagraíonn an ítim seo do shubstaint íon agus d'aon mheascán ina bhfuil 50 % ar a laghad de cheann amháin de na ceimiceáin thuasluaite.';

(b) i gCuid B, tábla 5, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad 'Meaisín-uirlisí, trealamh chun breiseáin a mhonarú, agus nithe gaolmhara':

'5. Meaisín-uirlisí, trealamh chun breiseáin a mhonarú, agus nithe gaolmhara

Cód AC	Tuairisc
8205 59 80	Uirlisí láimhe, lena n-áirítear diamaint na ngloineadóirí, seachas uirlisí tí, agus uirlisí saor cloch, uirlisí múnlóirí agus oibrithe stroighne, uirlisí pláistéirí agus péintéirí
8456 11	Meaisín-uirlisí chun aon ábhar a shaoirsiú trí ábhar a bhaint, a oibrítear le léasair
8456 30	Arna n-oibriú le próisis leictrea-dhíluchtúcháin
8456 50	Meaisíní gearrtha scaird uisce
8457 10	Ionaid meaisínithe chun miotal a oibriú
8458 11	Deileanna cothrománacha, lena n-áirítear ionaid deileadóireachta, le miotal a bhaint, arna rialú go huimhriúil
8458 91	Deileanna eile, arna rialú go huimhriúil
8459 61	Meaisíní muilleála, arna rialú go huimhriúil
8466 10	Coinneálaithe uirlise d'aon chineál uirlise le haghaidh oibriú i ngreim láimhe agus do mheaisín-uirlisí; cinn dísle féinoscailte
8466 93	Páirteanna agus gabhálais atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní faoi cheannteidil 8456 go 8461 amháin nó go príomha, nach sonraítear in áit ar bith eile.

Cód AC	Tuairisc
8485 20	Meaisíní le haghaidh monarú breiseán trí phlaistigh nó rubar a leagan síos
8485 30	Meaisíní le haghaidh monarú breiseán trí phlástar, stroighin, ceirmigh nó gloine a leagan síos
8485 90	Páirteanna meaisíní le haghaidh monarú breiseán'.

IARSCRÍBHINN III

In Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, cuirtear na heintitis seo a leanas leis:

Ainm an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta	Dáta cur i bhfeidhm
'T-bank	9 Lúnasa 2025
Bank Saint Petersburg	9 Lúnasa 2025
Bank Centrocredit	9 Lúnasa 2025
Yandex bank	9 Lúnasa 2025
Surgutneftegazbank	9 Lúnasa 2025
Metcombank	9 Lúnasa 2025
Severgazbank	9 Lúnasa 2025
Genbank	9 Lúnasa 2025
Bystrobank	9 Lúnasa 2025
Energotransbank	9 Lúnasa 2025
Tatsotsbank	9 Lúnasa 2025
Bank Zenit	9 Lúnasa 2025
Transstroybank	9 Lúnasa 2025
Bank FINAM	9 Lúnasa 2025
Ozon bank	9 Lúnasa 2025
Ekspobank	9 Lúnasa 2025
LOCKO Bank	9 Lúnasa 2025
Bank DOM.RF	9 Lúnasa 2025
SME Bank	9 Lúnasa 2025
LANTA Bank	9 Lúnasa 2025
Bank131	9 Lúnasa 2025
Bank RostFinance	9 Lúnasa 2025'

IARSCRÍBHINN IV

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014:

'IARSCRÍBHINN XXIII

Liosta na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3k

Cód AC	Tuairisc
0601	Bleibíní, tiúbair, meacain, cormáin, corónacha agus riosóim shuanacha nó iad ag fás nó faoi bhláth; plandaí siocaire agus fréamhacha seachas fréamhacha faoi cheannteideal 1212
0602 30	Ródaideandróin agus asáilianna, bídís beangaithe nó ná bíodh
0602 40	Rósanna, bídís beangaithe nó ná bíodh
0602 90	Plandaí beo eile (lena n-áirítear a bhfréamhacha), beangáin agus slapair; pór beacán – Eile
0604 20	Duilliúir, craobhacha agus codanna eile de phlandaí, gan bhláthanna nó bachlóga bláthanna, agus féara, caonaigh agus léicin atá ina n-earraí de shaghas atá oiriúnach do chrobhaingí nó chun críoch ornáideacha, iad úr, triomaithe, daite, tuartha, tuilte nó ar shlí eile ullmhaithe – Úr
2508	Créanna, andalúisít, ciainít agus silliminít, bídís cailcínithe nó ná bíodh; muilít; chamotte nó créanna dinas (seachas cré chamotte agus créanna cailinneacha, agus cré leathnaithe)
2509	Cailc
2512	Min shiliciúil iontaise (mar shampla, kieselguhr, tripilít agus diatóimít) agus ithreacha siliciúla comhchosúla, bídís cailcínithe nó ná bíodh, ar 1 nó níos lú a sainmheáchan dealraitheach
2515	Marmar, trabhairtín, ecaussine agus cloch chailcreach eile i gcomhair leacht cuimhne nó tógála ar >= 2,5, a sainmheáchan dealraitheach, agus albastar, bídís bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm cearnógach nó dronuilleogach
2518	Dolaimít, bíodh sí cailcínithe nó sintéaraithe nó ná bíodh, lena n-áirítear dolaimít atá bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach)
2519	Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maignéisít); maignéis chomhleáite; maignéis atá cailcínithe amach "sintéaraithe", bíodh cainníochtaí beaga ocsaídí eile inti a cuireadh léi roimh an sintéarú nó ná bíodh; ocsaíd mhaignéisiam eile, bíodh sí íon nó ná bíodh
2520	Gipseam; ainhidrít; plástair ina bhfuil gipseam cailcínithe nó sulfáit chailciam, bídís daite nó ná bíodh, agus bíodh cainníochtaí beaga luasairí nó moilleoirí curtha leo nó ná bíodh
2521	Flosc aolchloiche; aolchloch agus cloch chailcreach eile, de chineál a úsáidtear chun aol nó stroighin a mhonarú
2522	Aol beo, aol teilgthe agus aol hiodrálach, seachas ocsaíd chailciam agus hiodrocsaíd faoi cheannteideal 2825
2525	Míoca, bíodh sé scoilte ina leatháin nó ina scealpaí nó ná bíodh; dramhaíl mhíoca

Cód AC	Tuairisc
2526	Stéitít nádúrtha, bíodh sí bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach); talc
2530	Substaintí mianracha nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile
2602	Mianta mangainéise agus tiúcháin díobh, lena n-áirítear mianta mangainéise iarnaí agus tiúcháin díobh, ina bhfuil cion mangainéise 20 % nó níos mó, arna ríomh de réir an mheáchain thirim
2613	Mianta molaibdéinim agus tiúcháin díobh
2615	Mianta niaibiam, tantalaim, vanaidiam nó siorcóiniam agus tiúcháin díobh
2701	Gual; brícíní, ubhchruthóidigh agus breoslaí soladacha comhchosúla a mhonaraítear as gual
2702	Lignít, bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh, seachas gaing
2703	Móin (lena n-áirítear easair mhóna) bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh
2704	Cóc agus leathchóc guail, ligníte nó móna, bídís ceirtleánaithe nó ná bíodh; carbón freangáin
2707	Olaí agus táirgí eile ó dhriogadh tarra guail ardteochta; táirgí comhchosúla inar mó meáchan na gcomhábhar aramatacha ná meáchan na gcomhábhar nach bhfuil aramatach
2708	Pic agus cóc pice, a fhaightear ó tharra guail nó ó tharraí mianracha eile
2710	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (seachas cinn amha); ullmhóidí ina bhfuil >= 70 % de réir meáchain olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí, nach sonraítear in áit ar bith eile; olaí dramhaíola ina gcuimsítear peitriliam nó mianraí biotúmanacha go príomha
2712	Glóthach pheitriliam, céir phairifín, céir pheitriliam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianraí eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídís daite nó ná bíodh
2715	Maisteoga biotúmanacha, ciorruithe agus meascáin bhiotúmanacha eile atá bunaithe ar asfalt nádúrtha, ar bhiotúman nádúrtha, ar bhiotúman peitriliam, ar tharra mianrach nó ar phic tarra mhianrach - Eile
2801	Fluairín, clóirín, bróimín agus iaidín
2802	Sulfar, é néalaithe nó deasctha; sulfar collóideach
2803	Carbón (dubh carbóin agus foirmeacha eile carbóin nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile)
2804	Hidrigin, triathgháis agus neamh-mhiotail eile
2806	Clóiríd hidrigine “aigéad hidreaclórach”; aigéad clórasulfarach
2811	Aigéid neamhorgánacha eile agus comhdhúile ocsaigine neamhorgánacha eile de neamh-mhiotail

Cód AC	Tuairisc
2813	Suilfídí de neamh-mhiotail; tríshuilfíd fosfair thráchtála
2814	Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí
2815	Hiodrocsaíd sóidiam (sóid loiscneach); hiodrocsaíd photaisiam (potais loiscneach); sárocsaídí sóidiam nó potaisiam
2817	Ocsaíd since; sárocsaíd since
2818 30	hiodrocsaíd alúmanaim
2819	Ocsaídí agus hiodrocsaídí cróimiam
2820	Ocsaídí mangainéise
2821	Ocsaídí agus hiodrocsaídí iarainn; cré-dhathanna ina bhfuil 70 % nó níos mó de réir meáchain d'iarann comhcheangailte a mheastar mar Fe_2O_3
2822	Ocsaídí agus hiodrocsaídí cóbailt; ocsaídí cóbailt tráchtála
2823	Ocsaíd tíotáiniam
2825	Hiodraisín agus hiodrocsalaimín agus a gcuid salann neamhorgánach; bunanna neamhorgánach, ocsaídí, hiodrocsaídí agus sárocsaídí miotail, nach sonraítear in áit ar bith eile
2827	Clóirídí, ocsaídí clóiríde agus hiodrocsaídí clóiríde; bróimídí agus ocsaídí bróimíde; iaidídí agus ocsaídí iaidíde
2828	Hipeachlóirítí; hipeachlóirít chalciam tráchtála; clóirítí; hipeabhróimítí
2829	Clóráití agus sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití
2832 20	Suilfítí (seachas sóidiam)
2833	Sulfáití; alúim; sárocsasulfáití (sárshulfáití)
2834	Nítrítí; níotráití
2835	Foisfíonáití (hipeafoisfítí), fosfónáití (foisfítí) agus fosfáití; polafosfáití, bídís sainithe ó thaobh ceimice de nó ná bíodh
2836	Carbónáití; sárocsacarbónáití (sárcharbónáití); carbónáit amóiniam tráchtála ina bhfuil carbamáit amóiniam
2839	Sileacáití; sileacáití miotail alcaile tráchtála
2840	Bóráití; Sárocsabóráití (sárbhóráití)

Cód AC	Tuairisc
2841	Salainn as aigéad ocsaimiotalach nó sárocsaimiotalach
2843	Miotail chollóideacha lómhara; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha as miotail lómhara, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh; malgaim as miotail lómhara
2846	Comhdhúile neamhorgánacha nó orgánacha as miotail tearc-chré, as itriam nó as scaindiam nó as meascáin de na miotail sin
2847	Sárocsaíd hidrigine, bíodh sí soladaithe le húiré nó ná bíodh
2901	Hidreacarbóin neamhchioglacha
2902	Hidreacarbóin chioglacha
2903	Díorthaigh halaiginithe hidreacarbón
2904	Díorthaigh shulfónaithe, níotráitithe nó níotrasaithe de hidreacarbóin, bídís halaiginithe nó ná bíodh
2905	Alcóil neamhchioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2906	Alcóil chioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2907	Feanóil; feanól-alcóil
2909	Éitir, éitearalcóil, éitear-fheanóil, éitearalcól-fheanóil, sárocsaídí alcóil, sárocsaíd éitir, sárocsaídí céatóin (bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh), agus a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2910	Eapocsaídí, eapocsa-alcóil, eapocsaifeanóil agus eapocsai-éitir, ag a bhfuil fáinne tríbhallach, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2911	Aicéatail agus leathaicéatail, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2912	Aildéid, bíodh feidhm ocsaigine acu nó ná bíodh; polaiméirí cioglacha d'aildéid; paraformaildéad
2914	Céatóin agus cuineoin, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2915	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2916	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha neamhsháithithe, aigéid mhonacarbocsaileacha chioglacha, agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2917	Aigéid pholacarbocsaileacha, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe

Cód AC	Tuairisc
2918	Aigéid charbocsaileacha ag a bhfuil feidhm bhreise ocsaigine agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2920	Eistir d'aigéid neamhorgánacha de neamhmhiotail (seachas eistir de hailídí hidrigine) agus a salainn; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2921	Comhdhúile feidhme aimín
2922	Comhdhúile aimín le feidhm ocsaigine
2923	Salainn agus hiodrocsaídí amóiniam ceathartha; leicitin agus fosfa-aimínilipidí eile, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh
2924	Comhdhúile feidhme carbocsa-aimíde; comhdhúile feidhme aimíde d'aigéad carbónach
2925	Comhdhúile feidhme carbocsa-imíde (lena n-áirítear siúicrín agus a shalainn) agus comhdhúile feidhme imín
2926	Comhdhúile feidhme nítríle
2929	Comhdhúile le feidhmeanna eile nitrigine
2930	Comhdhúile orgánasulfair
2933 29	Comhdhúile heitrichioglacha nach bhfuil ach heitrea-adamh (heitrea-adaimh) nítrigine amháin iontu, a bhfuil fáinne imíodasóil neamh-chomhleáite (bíodh sé hidriginithe nó ná bíodh) sa struchtúr, (seachas hiondantoin agus a dhíorthaigh, agus táirgí faoi fhocheannteideal 3002 10)
2933 54	Díorthaigh eile de mhalóiniolúiré (aigéad barbatúrach); salainn díobh sin
2933 71	6-Heacsánlachtam (eipsealón-capralachtam)
2933 79	Lachtaim (seachas 6-heacsánlachtam "eipsealón-capralachtam", clóbasam "inn", meitipríolón "inn", agus comhdhúile neamhorgánacha nó orgánacha de mhearcair)
2933 99	Comhdhúile heitreachioglacha eile a bhfuil heitrea-adamh/adaimh nitrigine iontu amháin
2938	Gliocóisídí, iad nádúrtha nó atáirgthe trí shintéis, agus a salainn, a n-éitir, a n-eistir agus a ndíorthaigh eile
2940	Siúcraí, iad íon ó thaobh ceimice, seachas siúcrós, lachtós, maltós, glúcós agus fruchtós; éitir shiúcra, aicéatail siúcra agus eistir shiúcra, agus a salainn, seachas na táirgí faoi cheannteidil 2937, 2938 nó 2939
3201	Eastóscáin súdaireachta de bhunadh plandúil; tainniní agus a gcuid salann, éitir, eistir agus díorthaigh eile
3202	Substaintí súdaireachta orgánacha sintéiseacha; substaintí súdaireachta neamhorgánacha; ullmhóidí súdaireachta, bíodh substaintí súdaireachta nádúrtha iontu nó ná bíodh; ullmhóidí einsímeacha le haghaidh réamhshúdaireachta

Cód AC	Tuairisc
3203	Ábhar dathúcháin de bhunadh plandúil nó ainmhíoch, lena n-áirítear eastóscáin súdaireachta (seachas dubh ainmhí), bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh; ullmhóidí bunaithe ar ábhar dathúcháin de bhunadh plandúil nó ainmhíoch, de chineál a úsáidtear chun fabraicí a dhathú nó chun ullmhóidí datháin a tháirgeadh (seachas ullmhóidí faoi cheannteidil 3207, 3208, 3209, 3210, 3213 agus 3215) - Eile
3204	Ábhair dhathúcháin orgánacha shintéiseacha, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh; ullmhóidí mar a shonraítear i nóta 3 a ghabhann leis an gcaibidil seo agus atá bunaithe ar ábhair dhathúcháin orgánacha shintéiseacha; táirgí orgánacha sintéiseacha den chineál a úsáidtear mar oibreáin ghealaithe fhluaraiseacha nó mar lúmanafóir, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh
3205	Lochanna datha (seachas laicear agus péinteanna Síneacha nó Seapánacha); ullmhóidí bunaithe ar lochanna datha de chineál a úsáidtear chun fabraicí a dhathú nó chun ullmhóidí datháin a tháirgeadh (seachas ullmhóidí faoi cheannteidil 3207, 3208, 3209, 3210, 3213 agus 3215)
3206	Ábhar eile dathúcháin; ullmhóidí mar a shonraítear i nóta 3 a ghabhann leis an gcaibidil seo, seachas iad siúd atá faoi cheannteidil 3203, 3204 nó 3205; táirgí neamhorgánacha den chineál a úsáidtear mar lúmanafóir, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh
3207	Líocha ullmhaithe, teimhneoirí ullmhaithe agus dathanna ullmhaithe, cruain agus glónraí inghloinithe, eingeobanna, lonruithe leachtacha agus ullmhóidí comhchosúla, den chineál a úsáidtear sa tionscal ceirmeach, cruanta nó gloine; friochtachán gloine agus gloine eile, i bhfoirm púdair, gráinníní nó calóg
3208	Péinteanna agus vearnaisí, lena n-áirítear cruain agus laicir, atá bunaithe ar pholaiméirí sintéiseacha nó polaiméirí nádúrtha ceimicmhodhnaithe, easraithe nó tuaslagtha i meán neamh-uisceach; tuaslagáin táirgí atá faoi cheannteidil 3901 go 3913 i dtuaslagóirí orgánacha so-ghalaithe, ina bhfuil > 50 % tuaslagóir de réir meáchain (seachas tuaslagáin collódiain)
3209	Péinteanna agus vearnaisí (lena n-áirítear cruain agus laicir) atá bunaithe ar pholaiméirí sintéiseacha nó polaiméirí nádúrtha a mhodhnaítear ar bhun ceimice, easraithe nó tuaslagtha i meán uiscín
3210	Péinteanna agus vearnaisí eile (lena n-áirítear cruain, laicir agus leamhaol); líocha uisce ullmhaithe de chineál a úsáidtear chun leathar a bhailchríochnú
3211	Triomaitheoirí ullmhaithe
3212 90	Líocha (lena n-áirítear púdair mhiotalacha agus calóga miotalacha) iad easraithe i meáin neamhuiscí, i bhfoirm leachtach nó taois, de chineál a úsáidtear agus péinteanna á monarú (lena n-áirítear cruain); scragall stampála; ruaimeanna agus ábhar eile dathúcháin a chuirtear i bhfoirmeacha nó i bpacáiste lena miondíol - Eile
3214	Puití gloineadóra, puití beangúcháin, stroighin roisíneach, comhdhúile calctha agus maisteoga eile; líonta péintéirí; ullmhóidí dromchlaithe neamh-theasfhulangacha d'aghaidheanna, do bhallaí faoi dhíon, d'urláir, do shíleálacha nó dá leithéidí
3215	Dúch priontála, dúch scríbhneoireachta nó líníochta agus dúigh eile, bídís tiubhaithe nó soladach nó ná bíodh
3302 90	Meascáin de shubstaintí cumhra agus meascáin, lena n-áirítear tuaslagáin alcóil, iad bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na substaintí sin, den chineál a úsáidtear mar amhábhair i dtionscal (seachas iad siúd de chineál a úsáidtear i dtionscail bhia agus óil)

Cód AC	Tuairisc
3402	Oibreáin dhromchlaghníomhacha orgánacha, (seachas gallúnach); ullmhóidí dromchla-ghníomhacha, ullmhóidí níocháin (lena n-áirítear ullmhóidí cúntacha níocháin) agus ullmhóidí glantacháin, bíodh gallúnach iontu nó ná bíodh, seachas na cinn atá faoi cheannteidil 3401
3403	Ullmhóidí bealaithe, lena n-áirítear ullmhóidí ola gearrtha, ullmhóidí scaoilte boltaí nó cnónna, ullmhóidí frithmheirgithe nó frithchreimthe agus ullmhóidí scaoilte múnlaí, bunaithe ar bhealaí; ullmhóidí bealaithe teicstíle agus ullmhóidí den chineál a úsáidtear chun ábhair theicstíle, leathar, fionnadhsheithí nó ábhar eile a chóireáil le hola nó bealadh (seachas ullmhóidí ina bhfuil >= 70 % de réir meáchain d'ola peitriliam nó d'ola mianraí biotúmanach mar bhun-chomhábhair)
3404	Céaracha saorga agus céaracha ullmhaithe
3405	Snasáin agus uachtair, le haghaidh coisbhirt, troscáin, urlár, oibre cóiste, gloine nó miotail, taois agus púdair sciúrtha agus ullmhóidí comhchosúla (bídís i bhfoirm páipéir, flocais, feilte, fabraicí neamhfhite, plaisteach ceallach nó rubair cheallaigh, agus tuilte, brataithe nó clúdaithe le hullmhóidí den chineál sin nó ná bíodh), seachas céaracha de cheannteideal 3404
3505 10	Deistriní agus stáirsí modhnaithe eile
3506	Gliúnna sainullmhaithe agus greamacháin shainullmhaithe eile, nach sonraítear nó nach n-áirítear in áit ar bith eile; táirgí atá oiriúnach lena n-úsáid mar ghliúnna nó greamacháin, atá cóirithe lena miondíol mar ghliúnna nó greamacháin, nach mó a nglanmheáchan ná 1 kg
3507 90	Einsímí agus einsímí ullmhaithe, nach sonraítear in áit ar bith eile (seachas binid agus tiúcháin di)
3604	Tinte ealaíne, bladhmanna comharthaíochta, roicéid báistí, ceo-chomharthaí agus earraí piriteicniúla eile
3605	Lasáin, seachas earraí piriteicniúla eile faoi cheannteideal 3604
3606	Fearóiceiriam agus cóimhiotail phireafóracha i ngach foirm; earraí d'ábhair indóite mar a shonraítear i nóta 2 a ghabhann le Caibidil 36
3701	Plátaí fótagrafacha agus scannán fótagrafacha i bhfoirm chomhréidh, iad íograithe, neamhnochtaithe, déanta as aon ábhar seachas páipéar, cairtchlár nó teicstílí; scannán inphriontáilte ar an toirt i bhfoirm chomhréidh, iad íograithe, neamhnochta, bídís i bpacáistí nó ná bíodh
3702	Scannán fótagrafach i bhfoirm rollaí, iad íograithe, neamhnochtaithe, d'aon ábhar seachas páipéar, cairtchlár nó teicstílí; scannán inphriontáilte ar an toirt i bhfoirm rollaí, iad íograithe, neamhnochtaithe
3703	Páipéar agus cairtchlár fótagrafach agus teicstílí fótagrafacha, iad íograithe, neamhnochtaithe
3705	Plátaí fótagrafacha agus scannán fótagrafach, nochta agus réalta (seachas táirgí déanta as páipéar, cairtchlár ná teicstílí, scannáin chineamatagrafacha agus plátaí priontála réidh le húsáid)
3706	Scannáin chineamatagrafacha, iad nochtaithe agus forbartha, bíodh fuaimrian ionchorpraithe iontu nó ná bíodh nó bíodh nach bhfuil iontu ach an fuaimrian
3707	Ullmhóidí ceimiceacha le haghaidh úsáidí fótagrafacha (seachas vearnaisí, gliúnna, greamacháin agus ullmhóidí comhchosúla); táirgí neamh-mheasctha le haghaidh úsáidí fótagrafacha, atá cóirithe ina sciartha tomhaiste nó atá cóirithe lena miondíol i bhfoirm atá réidh le húsáid

Cód AC	Tuairisc
3801	Graifít shaorga; graifít chollóideach nó leathchollóideach; ullmhóidí atá bunaithe ar ghraifít nó ar charbón eile i bhfoirm taos, bloc, plátaí nó ábhar eile leathmhonaraithe
3802	Carbón gníomhachtaithe; táirgí mianracha nádúrtha gníomhachtaithe; dubh ainmhí, bíodh sé spíonta nó ná bíodh
3806	Róisín agus aigéid roisín, agus díorthaigh díobh; biotáillí róisín agus olaí róisín; gumaí reatha
3807	Tarra adhmaid; olaí tarra adhmaid; créasóid adhmaid; nafta adhmaid; pic ghlasrúil; pic ghrúdaireachta agus ullmhóidí comhchosúla atá bunaithe ar róisín, ar aigéid roisín nó ar phic ghlasrúil (seachas pic bhurgúin, pic bhuí, pic stéirine, pic aigéid shailligh, pic tarra shailligh agus pic ghlicrín)
3808 94	Díghalráin, atá curtha i láthair i bhfoirmeacha nó i bpacáistí le haghaidh miondíola nó mar ullmhóidí nó mar earraí
3809	Oibreáin bhailchríche, iompróirí ruaimeanna chun dlús a chur leis an ruaimniú nó le daingniú na ruaimeachán agus táirgí eile agus ullmhóidí eile, amhail cóirithe agus buanaitheoirí de chineál a úsáidtear sa tionscal teicstíle, páipéir nó leathair nó i dtionscail chomhchosúla, nach sonraítear in áit ar bith eile
3810	Ullmhóidí picile miotail; floscanna agus ullmhóidí cúnta eile le haghaidh sádrála, prásála nó táthú; púdair agus taois sádrála, phrásála nó tháthúcháin ina bhfuil miotal agus ábhair eile; ullmhóidí de chineál a úsáidtear mar bhratú nó mar chroíthe le haghaidh leictreoidí nó slata táthúcháin
3811	Ullmhóidí frithchnagarnaigh, coscairí ocsaídiúcháin, coscairí guma, feabhsaitheoirí slaodachta, ullmhóidí frithchreimneacha agus breiseáin ullmhaithe eile, le haghaidh olaí mianracha, lena n-áirítear gásailín, nó le haghaidh leachtanna eile a úsáidtear chun na gcríoch céanna le holaí mianracha
3812	Brostaitheoirí rubair ullmhaithe; plaisteacháin chomhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile; ullmhóidí frith-ocsaídiúcháin agus cobhsaitheoirí eile comhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach
3813	Ullmhóidí agus lánáin do mhúchtóirí dóiteáin; gránáidí lánáin múchta dóiteáin (seachas gairis múchta dóiteáin atá iomlán nó folamh, bídís iniompartha nó ná bíodh, táirgí neamh-mheasctha nach bhfuil sainithe ó thaobh ceimice ag a bhfuil airíonna múchta dóiteáin i bhfoirmeacha eile)
3814	Tuaslagóirí agus caolaitheoirí comhchodacha orgánacha, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile; ullmhóidí díothaithe péinte nó vearnaise (seachas díobhach vearnais ingne)
3815	Tionscnóirí imoibriúcháin, brostaitheoirí imoibriúcháin agus ullmhóidí catalaíocha, nach sonraítear in áit ar bith eile (seachas brostaitheoirí rubair)
3816	Stroighin, moirtéal agus coincréit atá teasfhulangach, agus cumaisc chomhchosúla, seachas na táirgí atá faoi cheannteideal 3801
3817	Ailcilbeinséiní measctha agus ailciolnaftailéiní measctha arna dtáirgeadh trí ailciliú beinséine agus naftailéine (seachas isiméirí measctha de hidreacarbóin chioglacha)
3819	Sreabháin coscán hiodrálach agus leachtanna eile ullmhaithe le haghaidh traiseoladh hiodrálach nach bhfuil olaí peitriliam nó olaí mianraí bitiúmanacha iontu, nó ina bhfuil, de réir meáchain, < 70 % de na holaí sin

Cód AC	Tuairisc
3820	Ullmhóidí frithreoite agus sreabháin ullmhaithe dí-oighrithe (seachas breiseáin ullmhaithe le haghaidh olaí mianracha a úsáidtear chun na gcríoch céanna mar olaí mianracha)
3823	Aigéid shailleacha aoncharbocsaileacha thionsclaíocha; olaí aigéid ó mhínghlanadh; alcóil shailleacha thionsclaíocha
3824	Táthuithe ullmhaithe do mhúnlaí nó do chroíthe teilgcheárta; táirgí agus ullmhóidí ceimiceacha le haghaidh na dtionscal ceimiceach nó tionscail ghaolmhara (lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil meascáin de tháirgí nádúrtha), nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile
3825 90	Táirgí iarmharacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara, nach sonraítear in áit ar bith eile (seachas dramhaíl)
3826	Bithdhíosal agus meascáin atá déanta as, nach bhfuil olaí peitriliam ná olaí a fhaightear ó mhianraí bitiúmanacha iontu nó ina bhfuil, de réir meáchain, < 70 % de na holaí sin
3827 90	Meascáin ina bhfuil díorthaigh halaiginithe de mheatán, d'eatán nó de phrópán, nach sonraítear eile i bhfo-cheannteidil eile a bhaineann le ceannteideal 3827
3901	Polaiméirí eitiléine, i bhfoirmeacha príomhúla
3902	Polaiméirí déanta de phróipiléin nó d'olaifíní eile, i bhfoirmeacha príomhúla
3903	Polaiméirí stiréine, i bhfoirmeacha príomhúla
3904	Polaiméirí de chlóiríd vinile nó d'olaifíní halaiginithe eile, i bhfoirmeacha príomhúla
3905	Polaiméirí d'aicéatáit vinile nó d'eistir vinile eile, i bhfoirmeacha príomhúla; polaiméirí vinile eile, i bhfoirmeacha príomhúla
3906	Polaiméirí aicrileacha, i bhfoirmeacha príomhúla
3907	Pola-aicéatail, polai-éatair eile agus roisíní eapocsaíde i bhfoirmeacha príomhúla; polacharbonáití, roisíní ailcíde, eistir polaillile agus poileistir eile, i bhfoirmeacha príomhúla
3908	Polaimídí, i bhfoirmeacha príomhúla
3909	Aimínea-roisíní, roisíní fionólacha agus polúireatáin, i bhfoirmeacha príomhúla
3910	Sileacóin i bhfoirmeacha príomhúla
